EAGRÁN 19 AIBREÁN 2011

NUACHTLITIR CHILL CHOMÁIN

Fáilte go dtí eagrán 19 dár Nuachtlitir pobail.

Tá Comhar Dún Chaocháin Teo ag eagrú lá oscailte sa Seanscoil ar an 8ú Aibreáin chun an pobal a chur ar an eolas ar ról an chomharchumainn i bhforbairt pobail, conas tograí a fhorbairt agus a bhainistiú, na scéimeanna éagsúla atá le fáil arl. (féach leathanach 7).

Tá an suirbhé ar shean-teampall Pholl a' tSomáis beagnach críochnaithe anois, agus tá sé beartaithe an t-eolas a fhoilsiú i bhfoirm leabhair amach anseo. Má tá eolas nó grianghraif agat de do mhuintir atá curtha sa teampall déan teagmháil le Uinsíonn Mac Graith led' thoil ag 087 7928865. (féach leathanach 7)

Welcome to edition 19 of our community Newsletter. Comhar Dún Chaocháin Teo is organising an open day in the Seanscoil on the 8th April to inform the public of the co-operative's role in community development, how to develop and manage projects, the various schemes which are available etc (see page 7 for further details).

The survey of the old graveyard at Poll a' tSómais is almost complete and it is intended to publish a book in the near future. If you have information or photographs of deceased relatives, who are buried in the graveyard, and would like to have them included in the book, please contact Uinsíonn Mac Graith on 087 7928865. (see page 7)

*** Nuachtlitir Áitiúil * A Community Newsletter**

*** Guth an phobail ar mhaithe leis an bpobal**

*** Provides a voice for the local community and an update on development issues**

San eagrán seo: In this issue

Sonraí Teagmhála	2
An Ghaeilge and Education	3 – 4
Seachtain na Gaeilge Stragege	4
Seirbhísí Aosadh / The Elderly	5
Scéalta Eile / Other News	6 – 7
Scéim Shóisialta Tuaithe / RSS	8

Foilsithe ag Comhar Dún Chaocháin Teo (i gcomhar le fo-choiste Ghlór na nGael

Coiste Bainistíochta an Chomharchumainn / The Management Committee

Cathaoirleach:	Micheál de Búrca
Rúnaí:	Seán Mac Aindriú
Cisteoir:	Máire Cáit Uí Mhurchú
Na baill eile:	Micheál Ó Seighin, Caitlín Uí Sheighin, Micheál Ó Murchú, Séamus Ó Murchú, Uinsíonn Mac Graith agus Seán Ó Dochartaigh.

Ráiteas Misin / Mission Statement

Is comharchumann forbartha pobail é Comhar Dún Chaocháin Teo atá cláraithe le Clárlann na gCarachumann. Tá sé mar ráiteas misin aige oibriú go gníomhach ar shon forbairt theangeolaíocha/chultúrtha, bhonneagartha, oideachasúil agus shóisialta paróiste Chill Chomáin agus acmhainní nadúrtha agus daonna an cheantair a fhorbairt ar bhealach chomhtháite. Ag comhoibriú le Coiste Ghlór na nGael, grúpaí forbartha áitiúla agus eagraisí éagsúla stáit tá roinnt tograí curtha i gcrích go dáta.

Comhar Dún Chaocháin Teo is a community development co-operative which is registered with the Registry of Friendly Societies. Its mission is to work in a proactive way to promote the linguistic/cultural, infrastructural, educational and social development of the parish of Cill Chomáin and to develop in an integrated way the material and human resources of the area. Working in conjunction with Coiste Ghlór na nGael, local development groups and various state agencies a number of projects have been undertaken to date.

Ionad Eolais / Information Office

Tá oifig na heagraíochta lonnaithe sa Seanscoil i gCeathrú Thaidhg áit a bhfuil na seirbhísí seo a leanas le fáil:-

Eolas agus comhairle do choistí pobail maidir le ról na n-eagras forbartha, conas tograí a fhorbairt agus a bhainistiú, foinsí maoinithe &rl.

Foirmeacha iarratais ar scéimeanna éagsúla mar shampla deiseanna traenála &rl.

Seirbhísí cóipéala, laminating agus facs

Seirbhísí eolais do chuairteoirí - léarscáileanna, bróisiúirí, leabhráin, dlúthdhioscanna, cártaí poist, leabharlann d'ábhar béaloideasa agus liteartha Gaeilge, taispeántas grianghraif &rl.

The organisation's office is located in the Seanscoil, Ceathrú Thaidhg where the following services are available:-

Information and assistance to community groups in relation to the role of development agencies, developing and managing projects, sourcing funding etc.

Application forms on various schemes including training opportunities etc.

Photocopying, laminating and fax services.

Visitor information including maps, brochures, booklets, CD ROMs, postcards, a library of folklore and Irish language material, photographs etc.

Guth an Phobail / Have Your Say

Má tá spéis agat a bheith i do bhall ar an gcomharchumann agus ionchar níos mó a bheith agat ar chúrsaí forbartha na háite déan teagmháil le Treasa le haghaidh tuilleadh eolais. Má tá aon tuairimí agat ar ábhar an nuachtlitir seo nó moltaí le haghaidh an chéad eagrán eile ba bhreá linn cloisteáil uait.

If you would like to become a member of the comharchumann and have a greater input into the overall development of the area please contact Treasa for further information. We welcome your comments on the items covered in this newsletter and/or any ideas you may have for the next issue.

Déan teagmháil le **Treasa Ní Ghearraigh, Comhar Dún Chaocháin Teo,**
An tSeanscoil, Ceathrú Thaidhg, Béal an Átha, Co. Mhaigh Eo
Guthán: 097 88082 **Ríomhphoist: dunchaochain1@eircom.net**

An Ghaeilge sa gCóras Oideachais/ Irish in the Education System

Ag cruinniú a d'eagraigh Conradh na Gaeilge, i gcomhar le Guth na Gaeltachta, in Óstán Menlo Park i nGaillimh ar an 21ú Eanáir léirigh na daoine a bhí i láthair ó heagrais Gaeilge na tíre a mí-shástacht le polasaí Gaeilge Fhine Gael i gcóras oideachais na tíre. D'iarr an cruinniú ar cheannaire Fhine Gael, Enda Kenny, tacú leis an nGaeilge mar chroí-ábhar don Ardteist agus droim láimhe a thabhairt leis an moladh atá déanta roimhe seo ag Fine Gael ábhar roghnach a dhéanamh den Ghaeilge.

Léiríonn gach aon bhlúire d'fhianaise atá ar fáil nach mbíonn dea-thoradh ar pholasaithe trína ndéantar ábhar roghnach de theangacha i scrúduithe stáit. Tar éis 2001 nuair a rinneadh ábhar roghnach de na teangacha iasachta don *General Certificate of Secondary Education* (GCSE) i Sasana, tháinig meath tubaisteach ar líon na ndaltaí a thug faoi theangacha a fhoghlaim. Laghdaigh líon na ndaltaí a thug faoi theanga iasachta don GCSE ó 78% in 2001 go 44% in 2009. Anuas air sin, b'ísle i bhfad an líon daltaí a dhéanfadh staidéar ar theanga iasachta mar ábhar murach gur chloígh roinnt mhaith scoileanna príobháideacha leis an éigeantas.

Chomh maith leis seo, nuair a cuireadh deireadh leis an riachtanas iontrála Gaeilge a bhain le post a fháil sa státseirbhís i 1974, tháinig titim ollmhór ar chumas bhaill foirne na státseirbhíse seirbhís iomlán a chur ar fáil trí Ghaeilge. Mar shampla, níl ach 1.5% d'fhoireann na Roinne Oideachais agus Scileanna anois in ann seirbhísí a sholáthar trí Ghaeilge. Tagann an fhíric sin salach ar an tuairim a nocht Fine Gael i 1974 go ndéanfaí úsáid na Gaeilge sa státseirbhís a neartú dá gcuirfí deireadh leis an éigeantas a bhain léi mar theanga: *"Tá an Rialtas lánmhuiníneach go músclóidh na hathruithe seo, a chuireann spreagadh in áit éigeantais, dea-mhéin bhreise don Ghaeilge agus go gcuideoidh siad le leathnú na teanga laistigh agus lasmuigh den státseirbhís trí atmaisféar níos fabhraí a chothú di".* (An tAire Richie Ryan, 5ú Nollaig 1974).

Go deimhin, d'admhaigh Conor Cruise O'Brien, a bhí ina Aire sa Rialtas céanna, go raibh aiféala air go ndearnadh cinneadh dá leithéid: *"... d'abróinn gur tugadh, gan amhras, céim síos don Ghaeilge. Mar sin, ag féachaint siar ar ar tharla, ní shílim anois gur dheineamar an rud ceart. Agus cuireann seo an-bhrón orm".* (24ú Lúnasa 1984). Níl aon amhras ná go mbeidh na himpleachtaí tromchúiseacha céanna i gceist le deireadh a chur leis an nGaeilge mar ábhar éigeantach san Ardteistiméireacht, mar atá beartaithe ag Fine Gael.

D'aontaigh an cruinniú go bhfuil fadhbanna maidir le múineadh agus le foghlaim na Gaeilge i scoileanna na tíre seo, agus gur gá tabhairt faoi réiteach a aimsiú lom láithreach trí na beartais atá luaite i *Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010 – 2030* a chur i bhfeidhm, mar shampla (i) ábhar amháin mar drámaíocht, corpoideachas, ealaín arl. sa bhreis ar an nGaeilge, a mhúineadh trí Ghaeilge do gach dalta bunscoile agus tacaíocht agus oiliúint chuí a chur ar fáil le sin a dhéanamh agus (ii) cuir leis an tréimhse ama atá i gceist le hoiliúint múinteoirí agus cur lena dtréimhse sa Ghaeltacht, chomh maith le deis a thabhairt do mhúinteoirí reatha freastal ar dhianchúrsaí sa Ghaeltacht.

Bheithfí ag súil go mbeadh toradh fiúntach, fadtéarmach ar mholtaí dearfacha dá leithéidí sin agus nach mbeidh ach an t-aon toradh amháin ar mholadh Fhine Gael deireadh a chur leis an nGaeilge mar ábhar éigeantach don Ardteistiméireacht, i. bás teanga.

At a meeting organised by Conradh na Gaeilge, in conjunction with Guth na Gaeltachta, held in the Menlo Park Hotel in Galway on 21st January representatives from Irish organizations throughout the country outlined their concerns at Fine Gael's policy in relation to the Irish language in the education system. The meeting requested that Fine Gael leader, Enda Kenny should reverse the party's stated policy of making Irish an optional subject at Leaving Certificate level.

All available evidence points to the failure of such a policy. In England, when languages were made optional at General Certificate of Secondary Education (GCSE) level, the amount of pupils who undertook language

subjects dropped dramatically from 78% in 2001 to 44% in 2009. In fact there would have been a much larger decline except that many private schools chose to continue with their policy of mandatory language study.

When the Fine Gael coalition government scrapped the Irish language requirement for the Civil Service in 1974, their rhetoric was very similar to that used by the party today in recommending making Irish an optional subject in the Leaving Certificate: "The government is fully confident that this policy change, which promotes encouragement instead of compulsion, will result in increased goodwill towards the Irish language and will help to widen language use inside and outside the Civil Service". (Minister Richie Ryan, 5th December 1974).

However, the practical results were a rapid decline in the ability of civil servants to provide services through the medium of Irish to the extent that in the Department of Education today, only 1.5% of civil servants can do so. Conor Cruise O'Brien, a minister in the same government, subsequently expressed regret at this decision: "...I would say that without a doubt Irish was reduced in status. Therefore, in retrospect, I do not believe we did the right thing. And I am very sorry about it". (24th August 1984) Fine Gael's proposed policy change, if implemented, will have similarly serious consequences.

The meeting acknowledged that there are problems in relation to the teaching and learning of the Irish language in our schools, and that these problems must be addressed without delay. It recommended implementing the measures contained in the recently published 20 Year Strategy for the Irish Language for example (i) The gradual introduction of the teaching of another subject through the medium of Irish, for example drama, physical education, art etc. at primary school level and (ii) The improvement of teacher training including an extension of the time trainees spend in the Gaeltacht and the provision of intensive Irish language courses in the Gaeltacht for existing teachers.

Positive measures like these should be of longterm benefit to the language instead of the current Fine Gael policy which endangers the very future of the language.

Seachtain na Gaeilge

Is mórfhéile náisiúnta í Seachtain na Gaeilge a dhéanann comóradh ar an teanga Gaeilge agus ar an oidhreacht agus cultúir Ghaelach. I gcaitheamh na féile, a bhí ar siúl idir an 5ú agus an 17ú Márta, eagraíodh sraith imeachtaí in ionaid éagsúla ar fud paróiste Chill Chomáin, ina measc taispeántas grianghraif dar teidil 'Muintir Dhún Chaocháin', seisiúin cheoil, ranganna Gaeilge agus ciorcal comhrá, taispeántas cócaireachta chun biachlár speisialta a phleanáil le haghaidh Lá Fhéile Pádraig agus mórshiúl na Féile Pádraig le hábhair spéise le haghaidh óg agus aosta.

Seachtain na Gaeilge is a national festival which celebrates the Irish language, heritage and culture. During the festival, which ran from the 5th to the 17th March, a series of activities were organised in various venues throughout the parish of Cill Chomáin. The packed programme included a photographic exhibition entitled 'Muintir Dhún Chaocháin', music, Irish language classes, a cookery demonstration to plan a special menu for Saint Patrick's Day and the Saint Patrick's Day Parade with attractions to suit young and old.

Imeachtaí Scoil Náisiúnta Cheathrú Thaidhg le linn Seachtain na Gaeilge

Ar chuireadh ó Scoil Náisiúnta Cheathrú Thaidhg, rinne Uinsíonn Mac Graith cur i láthair sa Seanscoil ar an téama 'Oidhreacht agus Cultúr Dhún Chaocháin'. Thug an chaint blas do na daltaí scoile ar an saibhreas oidhreachta atá le fáil sa gceantar.

At the invitation of Ceathrú Thaidhg National School, Uinsíonn Mac Graith gave a presentation in the Seanscoil on the theme 'The Heritage and Culture of Dún Chaocháin'. The talk gave pupils an insight into the rich heritage of the area.

(Grianghraf: Pádraig Ó Dochartaigh)

Bacstaí Blasta!

Bhí deis ag daltaí na scoile a scileanna cócaireachta a chleachtadh nuair a thaispeáin an cócaire Calann Uí Cheallaigh dóibh an chaoi le cácaí traidisiúnta bacstaí a dhéanamh.

Pupils from the school had an opportunity to practice their cookery skills under the watchful eye of chef Calann Kelly, who gave a demonstration on how to make traditional boxty cakes.

Seirbhísí Aosach/ Services for the Elderly

Cuireadh Cumann Gníomhaíochta Aosach Chill Chomáin ar bun i 1998 agus í mar phríomhaidhm aige dul i ngleic le neamhionannas, easpa seirbhísí agus deacrachtaí teacht ar sheirbhísí aosaigh i bparóiste Chill Chomáin, sa gcaoi is go bhfeabhsófaí caighdeán maireachtála an spriocghrúpa seo. I gceantar iargúlta tuaithe mar seo airíonn go leor daoine aosta scoite amach agus tá an-thabhacht ag baint lena dteagmháil le baill an choiste, a choinníonn ar an eolas iad ar imeachtaí an phobail. Bailítear óna dtithe chuile Mháirt agus iompraitear chomh fada le h-ionad pobail Ghleann na Muaidhe iad, áit a n-eagraítear imeachtaí éagsúla mar aclaíocht éadrom, ceirdeanna, ceol agus amhránaíocht.

Eagraítear turasanna lae, agus go dáta thug an grúpa cuairt ar Ionad an Athar Peyton (i mí Aibreáin chuile bhliain), Mainistir Mhaigh Eo, Ionad Oidhreachta Deirbhile ar an Eachléim, Teach na bPaidreacha in Acaill agus Cnoc Mhuire (i mí Bealtaine chuile bhliain). Eagraítear turasanna trí lá chomh maith, i Meitheamh agus Meán Fómhair, a thugann deis do bhaill an ghrúpa bualadh le grúpaí eile aosaigh ó cheantar Iorrais.

Is ócáid mhór é cóisir na Nollag i gclár imeachtaí na bliana agus bíonn suas le ceithre scór daoine aosta ag freastal air de gnáth. Tá tabhacht ar leith le cúrsaí sábháilteachta i saol na n-aosach, go mórmhór iad siúd atá ina gcónaí leo féin. Le dul i ngleic leis seo, cuireann an coiste eolas praiticiúil agus trealaimh mar ghutháin speisialta, soilse céadfaigh arl. ar fáil.

Tá an coiste go mór faoi chomaoin ag Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, Clár Forbartha Áitiúil Iorrais agus Clár Leader Mhaigh Eo a chuireann módh taistil ar fáil faoin gClár Taistil Tuaithe. Má tá spéis agat sna seirbhísí a chuireann Cumann Gníomhaíochta Aosach Chill Chomáin ar fáil déan teagmháil led' thoil le Máire Uí hEireamháin ag 097 87937 nó 087 9232327.

Set up in 1998, the Kilcommon Activity for the Elderly Group's main objective is to address and overcome issues relating to inequality, inaccessibility and deficiency of services for elderly people in the parish of Kilcommon with a view to improving their quality of life. In what is a peripheral rural area, many elderly people feel isolated and value their contact with members of the committee who provide a vital link with the wider community. The elderly are collected from their homes every Tuesday and transported to the community centre in Gleann na Muaidhe to partake in various activities including light exercise, crafts, music and sing song.

Day trips are organised and to date the group has visited the Fr. Peyton Centre in Attymass (in April of each year), Mayo Abbey, Ionad Deirbhile Heritage Centre in Eachléim, The House of Prayer in Achill and the Basilica in Knock (in May of each year). Three-day trips further afield are also organised in June and September and give members of the group an opportunity to socialise with other elderly activity groups from Erris.

The annual Christmas party, which is attended by up to eighty senior citizens, is a big event in the group's activity schedule, and has proved to be a great success. The issue of safety is an important one in the lives of

elderly people, particularly those living alone. To help address this, the committee provides practical information and equipment such as pendant phones, sensor lights etc.

The committee would like to acknowledge the assistance received from the Health Services Executive, Erris LDP and Mayo North East Leader which provides transport through the Rural Transport Scheme. If you are an elderly person and would like to avail of the services provided by Kilcommon Activity for the Elderly please contact Mary Irwin on 097 87937 or 087 9232327.

Breithlaethanta Speisialta Celebrating special birthdays in the centre at Gleann na Muaidhe were from left: Mary Flannery (80 yrs), Mamie Mc Grath (90 yrs), Elizabeth Mc Grath (86 yrs) and Eileen Gallagher (84 yrs).

Scéalta Eile / Other News

Grúpa ar Chuairt / Visiting Group

Thug grúpa scoláirí Meiriceánacha ó Scoil Thraenála Idirnáisiúna Bhaile Átha Cliath, in éineacht lena stiúrthóir acadúil Aeveen Kerrisk, cuairt ar pharóiste Chill Chomáin i mí Feabhra. Chas na scolairí, atá ina bhfochéimí ó ollscoileanna éagsúla sna Stáit Aontaithe, le daoine atá páirteach i bhforbairt pobail agus i gcúrsaí timpeallachta sa pharóiste. Eagraíodh siúlóid treoraithe dóibh ar Shiúlóid Chlann Lir i gcomhluadar Mhicheáil Ó Gearbháin le linn a gcuairt.

A group of American students from the School for International Training Dublin, accompanied by academic director Aeveen Kerrisk, visited the parish of Kilcommon in February as part of their academic studies in Ireland. The students, who are undergraduates from a variety of universities in the US, met with various individuals who are involved in community and environmental development within the parish. Accompanied by Micheál Ó Gearbháin, the group enjoyed the breathtaking cliff scenery and history of the Clann Lir walk during their visit.

Glantachán Náisiúnta Earraigh / National Spring Clean

Tá an feachtas Glantachán Náisiúnta Earraigh, a eagraíonn An Taisce, trí bliana déag ar an bhfód i mbliana. 'Sé an feachtas is mó i leith chosc ar bhruscar in Éireann é, agus i rith mí Aibreáin iarrtar ar dhaoine ar fud na tíre páirt a ghlacadh san iarracht chun an timpeallacht a choinneáil glan. Tá ról ag chuile dhuine sa bhfeachtas agus má chleachtaitear nósanna mar laghdú, athúsáid agus athchúrsáil is féidir linn ár gceantar a choinneáil saor ó bhruscar dúinn féin agus do na glúnta atá ag teacht inár ndiaidh.

Now in its 13th year, National Spring Clean which runs throughout the month of April, is Ireland's biggest anti-litter campaign and encourages people to take pride in their local environment and take action against litter. By working together and putting into practice the three r's (reduce, reuse and recycle) we can make our area a cleaner place to live in for ourselves and for future generations. Let us all make an effort and together we can make a huge difference.

You can register for a clean up kit by contacting An Taisce on 01 400 2219 or e-mail nsc@antaisce.org or register online at www.nationalspringclean.org

Comórtas Náisiúnta Ghlór na nGael

Is comórtas náisiúnta Glór na nGael a bhfuil sé mar phríomhaidhm aige teanga agus cultúr na Gaeilge a fhorbairt agus a chaomhnú. Nuair a fógraíodh torthaí an chomórtais go deiridh bhí Coiste Ghlór na nGael Ceathrú Thaidhg - Dún Chaocháin i measc na mbuaiteoirí. D'éirigh leis an gcoiste duais Chumann na Sagart a bhaint amach le haghaidh an leabhair 'Glaoim Oraibh Mo Chairde – I Call You Friends', a cuireadh i dtoll a chéile leis an Athair Éamon Ó Ruadhagháin. Treoirleabhair dhá-theangach atá ann, a bhéas mar áis tagartha do fhreastalaithe altóra a dhéanann, agus a dhéanfaidh, freastal ar an Aifreann i bparóiste Chill Chomáin. Bronnfar na duaiseanna ag ócáid speisialta i Maigh Nuad ar an 16ú Aibreáin.

Glór na nGael Teo is a national organisation which focuses on the development and preservation of the Irish language and culture. Coiste Ghlór na nGael Ceathrú Thaidhg - Dún Chaocháin, which aims to promote the Irish language in every aspect of community life, was recently announced as the recipient of an award in the annual Glór na nGael competition for the publication 'Glaoim Oraibh Mo Chairde – I Call You Friends'. Published in co-operation with Fr. Eddie Rogan, the book provides guidelines and reference material for existing and future altar servers within the parish of Cill Chomáin. The awards will be presented at a special function in Maynooth on April 16th next.

Teampall Pholl a' tSómais / Old Graveyard Survey FINAL DRAFT

Tá Uinsíonn Mac Graith, thar ceann Comhar Dún Chaocháin Teo, i mbun suirbhé ar shean-teampall Pholl a' tSomáis chun na huaigheanna uilig a mharcáil ar phlean agus stair an teampaill a bhreacadh síos. Tá an suirbhé beagnach críochnaithe anois agus tá sé beartaithe an t-eolas a fhoilsiú i bhfoirm leabhair, cosúil leis an leabhar a foilsíodh ar Theampall Chill Ghallagáin i 2009. Má tá eolas nó grianghraif agat de do mhuintir atá curtha sa teampall déan teagmháil le Uinsíonn led' thoil ag 087 7928865.

Uinsíonn Mac Graith, on behalf of Comhar Dún Chaocháin Teo, is undertaking a survey of the old graveyard at Poll a' tSómais to mark the graves on a plan and record the history of the graveyard. The survey is now almost complete and it is intended to publish a book, similar to the Teampall Chill Ghallagáin book which was published in 2009. If you have information or photographs (or memory cards) of deceased relatives who are buried in the graveyard, and would like to have them included in the book, please contact Uinsíonn on 087 7928865. All photographs will be scanned and returned.

Lá Oscailte / Open Day

Tá Comhar Dún Chaocháin Teo ag eagrú lá oscailte in ionad pobail na Seanscoile i gCeathrú Thaidhg ar an 8ú Aibreáin óna 2.00 i.n. go 8.00 i.n. Cuirfear eolas ar fáil ar ról an chomharchumainn i bhforbairt pobail, conas tograí a fhorbairt agus a bhainistiú, an ról atá ag eagraíochtaí eile stáit i bhforbairt pobail agus na scéimeanna éagsúla atá le fáil.

Comhar Dún Chaocháin Teo is organising an open day in the Seanscoil community centre in Ceathrú Thaidhg on Friday 8th April from 2.00 p.m. to 8.00 p.m. Information will be available on the role of the co-operative in community development, how to develop and manage projects, the role of state-agencies in community development and the various schemes which are available.

An Scéim Shóisialta Tuaithe / The Rural Social Scheme

Tá plean oibre timpeallachta an chomarchumainn dá chur i bhfeidhm faoi Scéim Shóisialta Tuaithe Chill Chomáin, atá dá reachtáil ag Cumann Lúthchleas Gael Chill Chomáin, faoi scáth Údarás na Gaeltachta. Is iad seo a leanas cuid de na hoibreacha atá ar bun faoi láthair:-

* Athchóiriú ar Bhóthar a' Chorraigh (€1504), Bóthar Léana Riabhach (€1429) agus Bóthar Chnoc na Lobhar (€2093) le cuidiú airgeadú a ceadaíodh faoi Scéim na mBóithre Pobail

* Bailiú bruscair ar thránna agus ag na teampaill mar chuid den bhfeachtas Glantachán Náisiúnta Earraigh

* Cothabháil ar shiúlóidí Ceathrú Thaidhg

* Obair athnuachana ar dhroichead an Inbhir

* Forbairt bláthcheapanna ag teach a' phobail Cheathrú Thaidhg

The Cill Chomáin Rural Social Scheme is managed by Cumann Lúthchleas Gael Chill Chomáin, under the auspices of Údarás na Gaeltachta, and includes an environmental enhancement workplan submitted by Comhar Dún Chaocháin Teo. The following are some of the works been undertaken at present:-

* *Repair of bog roads at Bóthar a' Chorraigh (€1504), Bóthar Léana Riabhach (€1429) and Bóthar Chnoc na Lobhar (€2093) with the assistance of funding received under the scheme Scéim na mBóithre Pobail*

* *Refuse collection at local beaches and graveyards as part of the National Spring Clean initiative*

* *Maintenance work on the Ceathrú Thaidhg walks*

* *Enhancement works at the bridge at Inbhear*

* *Development of flower beds at Ceathrú Thaidhg church*

Tá tuilleadh eolais le fáil ó Phádraig Ó Dochartaigh (saoiste na scéime) ag 087 9785035

Bóthar portaigh Chnoc na Lobhar (grianghraf: Pádraig Ó Dochartaigh)